# Fillteán don Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha: Fillteán FCÁT

*(Learning Portfolio for Content and Language Integrated Learning)*

Teimpléad Áise do Mhic Léinn Oideachais agus d'Oideoirí Múinteoirí

*(Resource Template for Education Students and Teacher Educators)*

Marie Whelton

Sliocht as:
*Pacáiste Eolais do Léachtóirí ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge*. Curtha le chéile ag baill de Rannóg na Gaeilge, faoi stiúir Aodáin Mhic Shuibhne, do Lá Pleanála agus Eolais, Institiúid Oideachais Marino, Meitheamh, 2019, lgh. 17-29.

Institiúid Oideachais Marino Institute of Education

Coláiste Cleamhnaithe de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Átha Cliath

## Réamhrá

Is sliocht é seo as pacáiste eolais do léachtóirí a bhíonn ag léachtóireacht ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino. Cuireadh an pacáiste ar fáil ar dtús ag Lá Eolais agus Pleanála a eagraíodh in Institiúid Oideachais Marino, 17 Meitheamh, 2019. Tá sé d'aidhm ag an bpacáiste cabhrú le hoideoirí múinteoirí teachtaireachtaí comhtháite a thabhairt do mhic léinn maidir le gnéithe den tumoideachas. Ag tús na háise, tá eolas ginearálta faoin bhFoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT). Ina dhiaidh sin, tá treoracha do mhic léinn maidir le Fillteán FCÁT.

## Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT): Cúlra agus Sainmhíniú

Cumadh an téarma 'Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha (FCÁT)' sa bhliain 1994 chun cur síos a dhéanamh ar na dea-chleachtais go léir a bhí ag teacht chun cinn i scoileanna ar fud na hEorpa ina raibh an sprioctheanga (seachas an mháthairtheanga) in úsáid mar mheán teagaisc chun ábhair (ceol, corpoideachas agus araile) ar leith a mhúineadh. Is cur chuige é, dá bhrí sin, a tháinig chun cinn i suíomhanna oideachais lasmuigh den tumoideachas ach is cur chuige é atá aitheanta anois mar chur chuige atá an-oiriúnach do shuíomhanna ina bhfuil an tumoideachas iomlán á chleachtadh i.e. do scoileanna Gaeltachta agus Lán-Ghaeilge. Is fiú a lua, freisin, gur moladh do mhúinteoirí bunscoile in Éirinn, nuair a bunaíodh an Stát sa bhliain 1922, an Ghaeilge a úsáid mar mheán teagaisc ar feadh uair an chloig ar a laghad gach lá. Cé nár tugadh "FCÁT" air ag an am, ba leagan d'FCÁT é an cleachtas sin.

Tá go leor fianaise ann (feic Coyle, Hood, & March, 2010; Ó Duibhir 2016; Ó Laoire, 2016) a léiríonn go mbíonn foghlaim teangacha níos éifeachtaí nuair a úsáidtear cur chuige ábharbhunaithe – bíonn foghlaimeoirí in ann fíorúsáid a bhaint as an nGaeilge i bhfíorchomhthéacs cumarsáideach – comhthéacs ina bhfuil siad ag iarraidh scileanna agus eolas a fhoghlaim. I gceacht Corpoideachais, mar shampla, úsáideann na foghlaimeoirí an Ghaeilge sa Halla nó i gClós na Scoile agus iad ag sealbhú scileanna Corpoideachais. Léiríonn taighde go gcuireann an t-ábhar dúshlán cognaíoch ar fáil don fhoghlaimeoir, rud a chabhraíonn chun aird agus spéis na bhfoghlaimeoirí a choinneáil.

San Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha, bíonn níos mó i gceist ná an t-ábhar a aistriú go Gaeilge – is múinteoir ábhair agus múinteoir teanga é / í an múinteoir a úsáideann FCÁT. Bíonn an t-ábhar agus an teanga tábhachtach ach is é an t-ábhar príomhfhócas na foghlama. Is í an teanga meán na foghlama agus bíonn béim ar úsáid nádúrtha na teanga i gcónaí. Cothaítear an cruinneas ar bhealach caolchúiseach gan cur isteach ar mhúineadh an ábhair, ach baintear spriocanna ábhair agus spriocanna teanga amach i gcónaí.

Luaitear ceithre bhunghné le FCÁT de ghnáth:

- Ábhar (Ceol, O.S.I.E.);
- Cumarsáid (réalaíoch sa sprioctheanga faoin ábhar);
- Cognaíocht (dúshlán intleachtaí, scileanna criticiúla, fuascailt fadhbanna);
- Cultúr (cultúr na sprioctheanga).

## Oideolaíocht FCÁT in Institiúid Oideachais Marino

Ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino, is oideolaíocht ar leith í FCÁT a shníonn tríd an ullmhúchán agus an teagasc:

**Pleanáil**

Déanann an múinteoir / léachtóir pleanáil don teanga agus don ábhar agus bíonn cuspóirí ar leith ann don dá rud:

- Gnáthchuspóirí ábhair;
- Cuspóirí teanga a chuimsíonn:
  1) teanga don ábhar (téarmaíocht don ábhar – don Cheol, mar shampla),
  2) teanga don mhúineadh (is í sin teanga an mhúinteora) agus
  3) teanga don fhoghlaim (is í sin teanga an pháiste).

**Eiseamláir**

I rith an cheachta, bíonn an múinteoir eiseamláireach ó thaobh úsáid chruinn na Gaeilge de agus ó thaobh na téarmaíochta de. Cothaíonn an múinteoir an cruinneas céanna sa pháiste agus tugann an múinteoir deiseanna don pháiste an téarmaíocht cheart a úsáid.

**Straitéisí**

Is iad seo cuid de na straitéisí a bhíonn in úsáid ag an múinteoir i gceacht FCÁT:

- Tógann an múinteoir ar réamheolas na bhfoghlaimeoirí. Seiceálann an múinteoir an réamheolas sin.

- Déanann an múinteoir ionchur teanga**:**
  1) téarmaíocht / teanga ar leith an ábhair;
  2) teanga don mhúineadh – is í sin, an teanga a úsáidfidh an múinteoir i rith an cheachta;
  3) teanga don fhoghlaim – an teanga a mbeidh an múinteoir ag súil léi ón bpáiste i rith an cheachta. Tugtar "teangú" uaireanta uirthi sin agus tugann an múinteoir go leor deiseanna don "teangú" chun an tuiscint a sheiceáil agus chun seans a thabhairt don fhoghlaimeoir an teanga a úsáid.

- Tugann an múinteoir treoracha soiléire agus labhraíonn an múinteoir go mall.

- Bíonn ar mhúinteoirí an t-eolas a shimpliú agus foclóir a mhíniú chomh soiléir agus is féidir chun an tuiscint a éascú, uaireanta trí rudaí a rá ar bhealaí éagsúla.

- Déanann an múinteoir athrá ar an bhfoclóir nua go minic.

- Tugann an múinteoir go leor samplaí.

- Baineann an múinteoir úsáid as geáitsí.

- Bíonn scafall an-tábhachtach.

- Déanann an múinteoir idirdhealú do chainteoirí dúchais agus don réimse iomlán d'inniúlachtaí teanga agus foghlama.

- Tapaíonn an múinteoir aon deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a thagann chun cinn don saibhriú teanga agus don fheasacht teanga / cultúir (feasacht ar an gcultúr Gaelach, sa chás seo).

- Cruthaíonn an múinteoir go leor deiseanna cumarsáide agus atmaisféar bríomhar sóisialta sna ceachtanna (obair bheirte, obair ghrúpa, obair thascbhunaithe, gníomhaíochtaí comhoibritheacha, rólimirt, cluichí, macalla agus araile) ionas go mbíonn an teanga in úsáid ag na foghlaimeoirí. Frása a úsáidtear go minic sa litríocht faoi FCÁT ná: "am cainte an mhúinteora a laghdú, am cainte an fhoghlaimeora a mhéadú."

- Cruthaíonn an múinteoir tascanna ina mbíonn ar gach foghlaimeoir smaoineamh agus ina mbíonn ar gach foghlaimeoir labhairt.

**Áiseanna**

- Úsáideann an múinteoir áiseanna atá cruinn agus ceart ó thaobh na Gaeilge de.

- Uaireanta bíonn ar mhúinteoirí áiseanna nua a dhearadh d'FCÁT, nó bíonn ar mhúinteoirí acmhainní a chur in oiriúint (sainmhínithe a chur isteach más gá, sonraí nach bhfuil ag teastáil a bhaint amach, achoimriú a dhéanamh ar théacs fada,

cosúlachtaí teanga a aibhsiú, léaráidí a chur ar théacs, úsáid a bhaint as gluais téarmaíochta, úsáid a bhaint as eochairfhocail).

- Úsáidtear go leor áiseanna amhairc san Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha. Cabhraíonn eagraithe amhairc le cothú na tuisceana agus cuidíonn siad chun eolas a chur i láthair ar bhealach sothuigthe. Is smaoineamh maith é an próiseas: 'focal, míniú, léiriú' a leanúint ar áiseanna amhairc agus siombailí a úsáid orthu freisin. Bíonn na háiseanna amhairc seo oiriúnach d'FCÁT: pictiúir, póstaeir, lipéid, táblaí, cairteacha, cruth réalta leis na ceisteanna: 'cé?, conas?, cén fáth?, céard?, cá?,' am línte agus cairteacha a léiríonn timthriallacha.

**Measúnú agus Daingniú**
Déanann múinteoirí measúnú ar an ábhar agus ar an teanga agus cothaíonn an múinteoir scileanna teanga chun achoimriú a dhéanamh, mar shampla: Céard a rinne tú inniu? ('Rinne mé / Ní dhearna mé…'); Céard is féidir leat a dhéanamh anois? ('Is féidir liom…').

Bíonn an bhéim sa mheasúnú agus sa daingniú ar fhoghlaim an ábhair agus ar líofacht teanga seachas ar chruinneas gramadaí. Cé go mbíonn cruinneas á chothú, seachnaíonn an múinteoir ceachtanna gramadaí a mhúineadh i rith ceachta in ábhar ar leith. I rith an cheachta, cothaítear an cruinneas go hindíreach agus go caolchúiseach gan cur isteach ar fhorbairt nádúrtha an cheachta, baintear úsáid as noda an mhúinteora chun an páiste a spreagadh chun rud éigin a rá i gceart seachas iarraidh go díreach ar an bpáiste athrá a dhéanamh ar an múinteoir. Tugann an múinteoir aischothú maidir leis an ábhar agus maidir leis an teanga.

**Machnamh**
Tar éis an cheachta, déanann an múinteoir machnamh ar a c(h)leachtas maidir leis na cuspóirí teanga agus na cuspóirí ábhair.

## Achoimre
Is é an pointe is tábhachtaí d'oideoirí múinteoirí ná gur múinteoir ábhair agus múinteoir teanga é / í an múinteoir a úsáideann FCÁT. Bíonn an t-ábhar agus an teanga á múineadh ar bhonn comhtháite an t-am go léir i gceachtanna FCÁT. Chun cabhrú le léachtóirí ar an mBaitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge FCÁT a chur chun cinn i measc na mac léinn, bíonn ar gach mac léinn ar an gclár Fillteán FCÁT a choinneáil. Sa chuid eile den áis seo, gheobhaidh an léitheoir cur síos ar a bhfuil i gceist le Fillteán FCÁT.

# Fillteán FCÁT

## (Fillteán d'Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha)

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Uimhir an Mhic Léinn: | |
| Bliain-Ghrúpa: | |

## Céard é Fillteán FCÁT?

Beidh ar gach mac léinn ar an mB. Oid. Trí Mheán na Gaeilge Fillteán FCÁT a choinneáil. Ceanglán fáinne A4 a bheidh ann le roinnteoirí do gach ábhar ón gcuraclam bunscoile:







Doiciméad oibre a bheidh san Fhillteán. Cuirfidh gach mac léinn leis an bhFillteán le nótaí lámhscríofa i rith léachtaí sna hábhair churaclaim agus go minic cuirfidh léachtóir am ar leataobh chun ligean do na mic léinn nótaí lámhscríofa a chur san Fhillteán**.** Cuirfidh mic léinn leis an bhFillteán, freisin, tar éis na léachtaí agus iad ag staidéar agus le linn dóibh a bheith ar shocrúcháin. Is féidir le mic léinn aon bhileog téarmaíochta a fhaigheann siad sna léachtaí nó lasmuigh de na léachtaí a chur ann.

## Céard air a bhfuil Fillteán FCÁT bunaithe?

Is fillteán é atá curtha in oiriúint ó *The European Language Portfolio* (Comhairle na hEorpa), agus ar nós an ELP, comhlíonfaidh sé trí fheidhm éagsúla:

- Cabhróidh sé le mic léinn taifead leanúnach a choinneáil ar an bhfoghlaim atá á déanamh acu sa Ghaeilge a bhíonn ag teastáil do mhúineadh trí mheán na Gaeilge.

- Cabhróidh an Fillteán le mic léinn machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim sin agus féinmheastóireacht neamhspleách a dhéanamh ar a ndul chun cinn.

- Agus cabhróidh an Fillteán leis an Institiúid Oideachais measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim na mac léinn.

## Céard a bheidh san Fhillteán?

**Ag an tús, beidh:**

- **Beathaisnéis Ábhar agus Teanga (Gaeilge sa chás seo) an mhic léinn:** Tiocfaidh na mic léinn ó chúlraí teanga éagsúla. Beidh cuid acu tar éis freastal ar scoileanna Gaeltachta, cuid eile ar scoileanna Lán-Ghaeilge agus cuid eile arís ar scoileanna ina raibh an Béarla mar mheán teagaisc agus mar mheán foghlama. Beidh ar gach mac léinn an turas ábhar agus teanga atá déanta acu go dtí sin a chlárú, na buntáistí atá acu ón turas sin a aithint chomh maith leis na riachtanais ábhar agus teanga a bheidh acu mar mhúinteoirí. Moltar úsáid a bhaint as an teimpléad comónta don Bheathaisnéis.

**Do gach ábhar, beidh:**

- **Teanga don ábhar:** Foclóir agus téarmaí ar leith a bhaineann leis an ábhar mar shampla, beidh téarmaí mar seo san eolaíocht: leictreachas, clár ciorcad, cadhnra, pol thuaidh, pol theas, sreang, bolgán, lasc agus sa Mhatamaitic beidh téarmaí mar seo: codán, uimhreoir, ainmneoir, fachtóir, iolraí.

- **Teanga don mhúineadh:** Ceisteanna, treoracha agus frásaí a bhíonn in úsáid ag an múinteoir. Teanga den chineál seo, mar shampla: 'Céard a dhéanann tú ar dtús, meas tú?,' 'Agus céard a dhéanann tú ansin?,' 'Agus ar deireadh, céard a dhéanann tú?,' 'Céard a chaithfidh tú a dhéanamh chun an bolgán a chur ar lasadh?,' 'Cén fáth nár las an bolgán?,' 'Má dhéanaim seo, céard a tharlóidh?'

- **Teanga don fhoghlaim ('teangú'):** Ceisteanna, frásaí: Mar shampla: 'Ceapaim go…,' 'Ar dtús, caithfidh tú… a fháil,' 'Faigheann tú…,' 'Ceanglaíonn tú…,' 'Seiceálann tú…,' 'Cinntíonn tú…'.

- **Sampla de Cheacht:** Ag deireadh na bliana, cuirfidh an mac léinn ceacht eiseamláireach san Fhillteán, ceacht a léiríonn an teanga don ábhar, an teanga don mhúineadh agus an teanga don fhoghlaim.

**Féinmheasúnú:**

- Cuid thábhachtach den phróiseas is ea an féinmheasúnú, i.e. ar bhonn leanúnach go mbíonn an mac léinn ag aithint na riachtanas teanga agus téarmaíochta atá aige / aici do mhúineadh na n-ábhar.

**Doiciméad Oibre:**

- Tuigtear gur doiciméad oibre é Fillteán FCÁT a gcuirtear leis, go leanúnach, ó thús deireadh na céime. Tá sé an-tábhachtach go dtuigtear an tábhacht a bhaineann le téarmaíocht chruinn cheart agus le cruinneas gramadaí, comhréire agus litrithe. Beidh sé le feiceáil san Fhillteán go ndearna an mac léinn féincheartú nuair a bhí gá leis. Feicfear litriú / gramadach / comhréir atá ceartaithe go follasach ag an mac léinn féin.

## Cén measúnú a dhéanfaidh an Institiúid ar Fhillteán FCÁT?

- Ar bhonn leanúnach sna léachtaí, cuirfear béim ar Fhillteán FCÁT agus déanfar tagairt dó. Go neamhfhoirmiúil ó thús deireadh na bliana, déanfaidh léachtóirí sna hábhair churaclaim éagsúla maoirseacht ar chothú an fhillteáin. Cuirfear i gcuimhne do na mic léinn an tábhacht a bhaineann leis maidir leis an múineadh agus an fhoghlaim atá ag tarlú sa seomra ranga.

- Cuirfidh gach mac léinn an Fillteán FCÁT ar fáil roimh dheireadh na bliana acadúla. Ba chóir go bhfeicfí ann an teanga, an téarmaíocht, na ceisteanna, na frásaí agus araile a bheidh bailithe ag an mac léinn sna hábhair churaclaim éagsúla. D'fhéadfadh se tarlú go n-iarrfaí ar mhac léinn labhairt faoin bpróiseas a bhain le cur le chéile an fhillteáin, an

féinmheasúnú a bhí i gceist, an fhoghlaim atá déanta agus na riachtanais atá ann fós. Seo a leanas samplaí de cheisteanna a d'fhéadfaí a chur ar an mac léinn:

1. Tabhair dúinn d'Fhillteán.

2. Cá bhfuair tú an téarmaíocht / an teanga seo ar fad don Eolaíocht?

3. An bhfuair tú mórán den téarmaíocht / den teanga seo sna léachtaí?

4. An féidir leat sampla a thabhairt dúinn de théarmaí / de theanga a fuair tú féin go neamhspleách? Agus, cá bhfuair tú iad?

5. An raibh mórán foghlama le déanamh agat féin nuair a chuir tú tús leis an bhFillteán?

6. Ar aithin tú go raibh aon riachtanas ar leith agat maidir le hábhar éigin agus cén chaoi a ndeachaigh tú i ngleic leis sin?

7. Ar chuidigh an obair seo ar fad leat ar Shocrúchán Scoile?

8. Ag féachaint ar aghaidh anois go dtí an bhliain seo chugainn, an féidir leat aon ábhar curaclaim nó aon ghné den ábhar sin a ainmniú a mbeidh ort téarmaíocht / teanga a fháil di?

- Ní bhronnfar marcanna ar Fhillteán FCÁT. Beidh sé riachtanach Fillteán FCÁT a thabhairt suas nuair a iarrfar é sin a dhéanamh. Mura gcuirtear an Fillteán FCÁT ar fáil nuair a iarrtar é beidh an mac léinn 'neamhchríochnaithe.'

- Bainfear úsáid as an rúibric seo thíos chun aischothú a thabhairt ar Fhillteán FCÁT.

| | **Sásúil**<br>(na tréithe, i gcoitinne, a bhíonn ag Fillteán FCÁT sásúil) | **Míshásúil**<br>(na tréithe, i gcoitinne, a bhíonn ag Fillteán FCÁT míshásúil) |
|---|---|---|
| **Cur i Láthair** | Ceanglán fáinne A4 le roinnteoirí le lipéid. Obair néata shnasta. | Níl ceanglán fáinne A4 in úsáid. Obair neamh-eagraithe agus mhíshlachtmhar. |
| **Beathaisnéis Teanga** | An teimpléad comónta líonta isteach go hiomlán. | An teimpléad comónta in easnamh nó gan a bheith líonta isteach go hiomlán. |
| **Teanga don Ábhar** | Sásúil, nó níos fearr, maidir le téarmaíocht agus foclóir do na hábhair éagsúla. | Míshásúil maidir le téarmaíocht agus foclóir do na hábhair éagsúla. |
| **Teanga don Mhúineadh** | Sásúil, nó níos fearr, maidir le treoracha agus frásaí don mhúineadh sna hábhair éagsúla. | Míshásúil maidir le treoracha agus frásaí don mhúineadh sna hábhair éagsúla. |
| **Teanga don Fhoghlaim** | Sásúil, nó níos fearr, maidir le frásaí don fhoghlaim sna hábhair éagsúla. | Míshásúil, maidir le frásaí don fhoghlaim sna hábhair éagsúla. |
| **Sampla de Cheacht** | Ceacht sásúil, nó níos fearr, maidir le teanga don ábhar, teanga don mhúineadh agus teanga don fhoghlaim a léiriú. | Ceacht in easnamh nó ceacht atá míshásúil maidir le teanga don ábhar, teanga don mhúineadh agus teanga don fhoghlaim a léiriú. |
| **Féinmheasúnú** | Fianaise shásúil, nó níos fearr ná sásúil, go mbíonn an mac léinn ag aithint na riachtanas teanga agus téarmaíochta atá aige / aici do mhúineadh na n-ábhar éagsúla, mar shampla: liostaí de théarmaí, de fhrásaí agus de cheisteanna aistrithe ó Bhéarla go Gaeilge. | Gan aon fhianaise den fhéinmheasúnú nó fianaise mhíshásúil den fhéinmheasúnú. |
| **Doiciméad Oibre** | Fianaise shásúil, nó níos fearr ná sásúil, gur cuireadh leis an bhFillteán ar bhonn leanúnach i rith na bliana agus go ndearna an mac léinn féincheartú leanúnach ar an litriú ar an ngramadach agus ar an gcomhréir. | Gan aon fhianaise, nó fianaise mhíshásúil, gur cuireadh leis an bhFillteán ar bhonn leanúnach i rith na bliana agus go ndearna an mac léinn féincheartú leanúnach ar an litriú ar an ngramadach agus ar an gcomhréir. |

# Beathaisnéis Ábhar agus Teanga

1. Ainm an Mhic Léinn:

2. An bhunscoil ar fhreastail mé uirthi agus an cineál scoile (Scoil Ghaeltachta, Scoil Lán-Ghaeilge nó Scoil ina raibh an Béarla mar mheán teagaisc):

| | |
|---|---|
| **Ainm na Scoile:** | |
| **Seoladh na Scoile:** | |
| **Cineál Scoile:** | |

3. Na hábhair a d'fhoghlaim mé trí mheán na Gaeilge sa bhunscoil:

4. An mheánscoil ar fhreastail mé uirthi agus an cineál scoile (Scoil Ghaeltachta, Scoil Lán-Ghaeilge nó Scoil ina raibh an Béarla mar mheán teagaisc):

| | |
|---|---|
| **Ainm na Scoile:** | |
| **Seoladh na Scoile:** | |
| **Cineál Scoile:** | |

5. Na hábhair a d'fhoghlaim mé trí mheán na Gaeilge sa mheánscoil:

6. Céard é do mheas ar an eolas atá agat ar an téarmaíocht / teanga a bhaineann le múineadh agus foghlaim na n-ábhar curaclaim bunscoile seo. Cuir 'tic' sa bhosca cuí:

| Ábhar | Ar Fheabhas | Go hAn-Mhaith | Go Maith | Sásúil | A lán le foghlaim |
|---|---|---|---|---|---|
| Matamaitic | | | | | |
| O.S.I.E. (Stair) | | | | | |
| O.S.I.E. (Tíreolaíocht) | | | | | |
| O.S.I.E. (Eolaíocht) | | | | | |
| Oideachas Ealaíon (Na hAmharcealaíona) | | | | | |
| Oideachas Ealaíon (Drámaíocht) | | | | | |
| Oideachas Ealaíon (Ceol) | | | | | |
| Oideachas Reiligiúin | | | | | |
| Corpoideachas | | | | | |
| O.S.P.S. (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte) | | | | | |
| Béarla | | | | | |
| Gaeilge | | | | | |

## Tagairtí


Comhairle na hEorpa (2019). *Guide to Compiling an ELP*. Foilsithe ar líne ag: https://www.coe.int/en/web/portfolio/guide-to-compiling-an-elp. Strasbourg: Comhairle na hEorpa. Faighte 24 Bealtaine, 2019, 9.06 r.n.

Coyle, D., Hood, P. & March, D. (2010). *CLIL: Content and language integrated learning*. Cambridge: Cambridge University Press.

Ó Duibhir, P. (2016). 'Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teanga i gClár Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí Bunscoile.' *Teanga* 24, 2016, 1-14. Ar fáil ag: http://doras.dcu.ie/23133/1/%C3%93%20Duibhir%2C%20P%202017%20Foghlaim%20chomhth%C3%A1ite%20%C3%A1bhar%20agus%20teanga%20i%20gcl%C3%A1r%20oideachais%20tosaigh%20do%20mh%C3%BAinteoir%C3%AD%20bunscoile%20Teanga%2024.pdf Faighte 24 Bealtaine, 2019, 9.05 r.n.

Ó Laoire, M. (2016). 'Tumoideachas agus FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha) i gcomhthéacs mhúineadh na Gaeilge i gcóras oideachais na hÉireann.' In: Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (eag.). *An Tumoideachas: Bua nó Dua? An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas – Imeachtaí Comhdhála*. Baile Átha Cliath: An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ruaidh, Í., Connaughton-Crean, L. & Ó Duibhir, P. (níl dáta luaite). *Content and Language Integrated Learning (CLIL)*. www.curriculumonline.ie, Baile Átha Cliath: NCCA / CNCM. Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/bc76d064-68ec-4aa6-ab63-5a2cf1205a25/OLRW_CLIL_1.pdf%203Fext%203D.pdf Faighte 24 Bealtaine, 2019, 9.05 r.n.